Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15194/23**

**DENLEG 53**
**PESTICIDE 59**
**AGRILEG 282**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 7 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D089656/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh mandapropaimide i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D089656/3.

Faoi iamh: D089656/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/750
(POOL/E4/2023/750/750-EN.docx)
D089656/03
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh mandaprópaimide i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh mandaprópaimide i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás mandaprópaimide, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) De bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh mandaprópaimid a úsáidtear sa Bhrasaíl ar phapánna. Dúirt an t-iarratasóir gurb iad iarmhair a sháraíonn an MRL dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 an toradh ar úsáidí údaraithe na substainte sin ar bharr den sórt sin sa tír sin agus go mbeadh MRL níos airde riachtanach chun bacainní trádála a sheachaint le linn allmhairiú an bhairr sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas sin agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás').

(4) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta. Rinne an tÚdarás scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh faoin MRL atá beartaithe[2]. Chuir sé an tuairim réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, maidir le papánna, gur comhlíonadh na ceanglais sonraí go léir agus go raibh an modhnú ar an MRL a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha sonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha mandaprópaimide. Maidir le

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

[2] *Reasoned Opinion on the setting of an import tolerances for mandipropamid in papayas* [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh mandaprópaimide i bpapánna]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2023;21(1):7741.

teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí ábhartha a chaitheamh, níor léiríodh baol i leith ceachtar acu sin go sáraítear an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(6) Ar bhonn na tuairime réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid gur inghlactha an modhnú atá beartaithe ar an MRL.

(7) Ina theannta sin, faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh mandaprópaimide arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[3], a mhéid a bhaineann le barra fréimhe, shainaithin an tÚdarás roinnt faisnéise faoi thocsaineacht mheitibilít SYN 500003 mar fhaisnéis nach raibh ar fáil. Ós rud é nach raibh aon riosca ann do thomhaltóirí, le Rialachán (AE) 2019/1176 ón gCoimisiún[4] rinneadh na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 in éineacht le fonóta lena gceanglaíodh go soláthrófaí an fhaisnéis sin a bhí in easnamh.

(8) Mar gheall ar earráid, áfach, níor áiríodh an fonóta céanna sin lena gceanglaítear faisnéis faoi thocsaineacht mheitibilít SYN 500003 i gcás na MRLanna le haghaidh mandaprópaimide i ndáil le prátaí, meacain bhiatais agus raidisí, ar barra iad a bhaineann le grúpa na mbarr fréimhe. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a cheartú trí fhonóta a áireamh lena gceanglaítear an fhaisnéis thuasluaite atá in easnamh faoi thocsaineacht mheitibilít SYN 500003 a sholáthar a mhéid a bhaineann le hiarmhair mhandaprópaimide ar phrátaí, meacain bhiatais agus raidisí.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] *Review of the existing maximum residue levels for mandipropamid according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh mandaprópaimide de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2018;16(5):5284.

[4] Rialachán (AE) 2019/1176 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóigh, mandaprópaimide agus prófocsaidime i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 185, 11.7.2019, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*